## *Teachtaireacht ó Chumann Domhanda Esperanto ar ócáid Lá Idirnáisiúnta na Teanga Dúchais, 21 Feabhra 2024*

An lá seo, Lá Idirnáisiúnta na Teanga Dúchais, cuirimid chun cinn tábhacht na héagsúlachta teanga agus an oideachais ilteangaigh. Is bunsraith iad cearta teanga do shochaithe cothroma, inbhuanaithe toisc go bhfuil teangacha ag croílár ár saoil laethúil, ár bhféiniúlachti, ár n-oidhreachta cultúrtha agus ár n-aontachta pobail. Is bonn iad teangacha le dul i ngleic le cearta eile an duine.

Tá cosaint agus cur chun cinn teangacha ríthábhachtach mar is trí theangacha a chuirimid ár dtuairimí ar an domhan in iúl agus a chaomhnaímid eolas agus cultúr áitiúil agus traidisiúnta. Faraor, insíonn UNESCO dúinn ná fuil rochtain ag 40% de mhuintir an domhain ar oideachas i dteanga atá acu. Ag an aon-am, is mó i gcónaí líon na dteangacha atá ag imeacht.

Inár sochaithe atá ag éirí níos iolraíche, agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an smaoineamh go mbeadh sochaí dhomhanda a chuimsíonn an cine daonna ar fad, tá ceist na dteangacha ag éirí mar thosaíocht riachtanach. Go deimhin, is iad teangacha bunchloch na tuisceana agus an chomhoibrithe. Mar sin, baineann cearta teanga go díreach leis an daonlathas agus le cinnteoireacht fhíor-choiteamm ar fhadhbanna coiteanna.

Cuirimis na luachanna a bhaineann le saol ilteangach chun cinn mar atá molta ag UNESCO: teagasc sa teanga dhúchais, oideachas ilteangach ag gach leibhéal, agus oideachas idirchultúrtha. Tá súil againn ar an mbealach seo go mbeidh síocháin, forbairt agus cearta an duine ina bhfírinne do chách, gan idirdhealú d'aon chineál, amhail cine, dath, gnéas, teanga, reiligiún, tuairimí polaitíochta nó eile, bunús náisiúnta nó sóisialta, maoin, breithe nó stádas eile.

Is trí theangacha a chomhroinntear ár ndaonnacht. Úsáidimis gach teanga agus cuirimis chun cinn iad, an teanga idirnáisiúnta Esperanto san áireamh, chun na prionsabail agus na luachanna sin a bhaint amach. Chun dlúthpháirtíocht a cheiliúradh i measc daoine ó chúlraí éagsúla, tugaimid cuireadh freisin do gach duine dea-thola chuig an 109ú Comhdháil Dhomhanda Esperanto in Arusha, an Tansáin, ón 3 go dtí an 10 Lúnasa 2024.